



## *Scoil Naisiúnta Eoin Baiste, Lios Póil.*

### *Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlíon*

Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha ná a chinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí as na deiseanna foghlama atá ar fáil in acmhainní an Idirlín ar bhealach atá sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus teacht ar an Idirlíon mar áis bhreise agus mar phribhléid scoile. Mura gcomhlíontar Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile d’réir mar atá sé leagtha amach, tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar pionós cuí – mar atá leagtha amach san P.U.I.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú go rialta ar an P.U.I. Sula síneofar an fhoirm cheada iarrtar ar thuismitheoirí an P.U.I. a léamh go cúramach sa tslí go dtuigtear agus go nglactar le coinníollacha na húsáide.

Chuir foireann teagaisc na scoile an leagan seo den Pholasaí Úsáide Inghlactha le chéile ar 14 Eanáir 2005 ag cloí le treoirínte an N.C.T.E agus tar éis dul i gcomhairle le ionadaithe os na tuismitheoirí, Bord Bainistíochta, an comhairleoir I.T P.Ó Leathlobhair, cuiditheoir M.A Ní Aodha agus N de Faoite (Castleisland Computers).

Deineadh athbhreithniú go rialta air. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí Athbhreithnithe seo ar an 14/5/2020.

### *Stráitéisí na Scoile*

Bainfidh an scoil leas as an Idirlíon chun cur le deiseanna foghlama agus taighde na ndaltaí go léir. Leanfaidh na daltaí treoirínte an mhúinteora agus iad ag obair ar an Idirlíon. Cuirfear béim chomh fada agus is féidir ar úsáid na Gaeilge.

Bainfear úsáid as na stráitéisí seo leanas chun an dainséar a bhaineann le húsáid an Idirlín a laghdú chomh fada agus is féidir.

- Beidh múinteoir i gcónaí ag féitheoireacht seisiúin Idirlín.
- Bainfear úsáid as bogearraí/córas scagtha chun an dainséar a bhaineann le hábhair mí oiriúnach a laghdú.
- Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar an úsáid a bhaineann daltaí as an Idirlíon.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht Idirlín.
- Beidh cosc ar íoschóipeáil/uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí/cláracha nach mbeidh ceadaithe.
- Bainfear úsáid as coras cosanta éifeachtach víreas agus tabharfar suas chun dáta é go rialta.

- Beidh cead an mhúinteora riachtanach chun eochar USB, dlúthdhioscaí ROM, DVD pearsanta a úsáid sa rang/scoil.
- Níl cead fón Póca a bheith ag leanaí ar shuíomh na scoile nó ar ghnó scoile.
- Beifear ag súil le dea iompar os na daltaí i gcónaí agus iad i mbun an Idirlín agus ní ghlacfar le haon ghníomh a tharraingeodh droch-cháil ar an scoil.

### ***An Gréasán Domhanda***

- Is le h-aghaidh cúrsaí oideachais amháin a bhainfidh na daltaí úsáid as an Idirlín.
- Beidh cosc ar dhaltaí dul go dtí láithreáin Idirlín ina bhfuil ábhair mí dhleathacha/mí oiriúnach do dhaltaí scoile. Má tharlaíonn siad ar a leithéid de shuíomh trí thimpist cuirfidh siad an múinteoir ar an eolas láithreach bonn.
- Cuirfear daltaí ar an eolas faoi cheisteanna cóipchirt a bhaineann le húsáid an Idirlín.
- Ní cheadófar do dhaltaí aon eolas phearsanta a fhoilsiú.
- Soiléireófar do dhaltaí gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an eolas a bhíonn á fháil nó á dháileadh acu.

### ***Ríomh-Phost.***

- Úsáidfidh daltaí cúntais ríomhphoist cheadaithe faoi mhaoirseacht nó cead an mhúinteora.
- Ní sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar mí-dhleathach, mí-oiriúnach, mí-chlúiteach ná aon ábhar a chuirfeadh as nó a dhéanfadh bagairt ar dhuine eile.
- Ní fhoilseoidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí dhaoine eile, nithe mar sheoltaí nó uimhreacha fóin nó pictiurí.
- Ní shocróidh daltaí cruinniú nó casadh go fisiciúil le haon duine go bhfuil aithne acu orthu tríd an Idirlín nó ríomhphoist amháin.
- Cuirfear na daltaí ar an eolas nach bhfuil cead aguisíní le ríomhphost a sheoladh ná a ghlacadh gan cead an mhúinteora.

### ***Cianfhoghlaim***

- I gcásanna nach bhfuil leanaí ábalta freastal ar an suíomh scoile, cuirfear cianfhoghlaim ar fáil trí mheáin éagsúla m.sh. Aladdin, Giglets, R-phost, Zoom, WhatsApp & rl.
- Is trí ríomh-phost an tuismitheora amháin a dhéanfar teagmháil le leanaí maidir le h-aon obair scoile.
- Go dtuigeann tuismitheoirí go bhfuil an scoil ag úsáid cosaint cuí maidir le h-úsáid na h-idirlíne ar scoil agus go bhfuil freagracht ar thuismitheoirí cosaint cuí a cur ar fáil maidir le h-úsáid na h-idirlíne taobh amuigh den scoil.
- Go dtuigeann gach tuismitheoir go bhfuil baol ag baint lena p(h)áiste a bheith ag baint úsáid as na meáin sóisialta agus go bhfuil féitheoireacht tuismitheora ag teastáil má tugtar deis dóibh iad a úsáid.
- Go n-aithníonn tuismitheoirí baol cibearbulaíocht agus go ndéanfaidh siad gach iarracht freastal ar oícheanta eolais maidir leis an ábhar seo/iad féin a chur ar an eolas ós na suíomheanna seo leanas: - [www.ncte.ie](http://www.ncte.ie) / [www.webwise.ie](http://www.webwise.ie) / [www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)

## ***Comhrá Idirlín***

- Ní bheidh teacht ag na daltaí ar sheomraí comhrá, ar fhóiraim comhrá agus ar fhóiraim leictreonacha cumarsáide seachas iad san atá ceadaithe ag an scoil faoi mhaoirseacht. m.sh. Zoom/WhatsApp.
- Úsáidfeá seomraí comhrá, fóiraim comhrá agus fóiraim leictreonach cumarsáide i gcúrsaí oideachais amháin agus déanfaidh an múinteoir féitheoireacht ar seo.
- Úsáidfeá ainmneacha úsaideoirí chun aithne pearsanta daltaí a cheilt.
- Beidh cosc iomlán ar chruinniú duine le duine atá eagraithe ar an Idirlíon.

## ***Greasán scoile - [www.scoilliospoil.ie](http://www.scoilliospoil.ie)***

- Tabharfar deis dos na leanaí tionscnaimh, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGreasán Domhanda.
- Déanfaidh an múinteoir comhordú ar fhoilsiú obair dhaltaí.
- Foilseofar obair dhaltaí i gcomhthéasc oideachais ar leathanaigh gréasáin le fógra cóipchirt a chosfaidh coipeáil obair den sort sin gan cead (sonrach) i scríbhinn.
- Ní fhoilseofar grianghrafanna dhigiteacha, clipeanna éisteachta agus físe de dhaltaí ainmnithe ar an ngréasán scoile. Díreoidh grianghrafanna agus clipeanna éisteachta agus físe ar gníomhaíochtaí grúpaí. Déanfar clipeanna físe a chosaint trí pasfhocal a úsáid.
- Fágfar amach eolas phearsanta na daltaí mar sheoladh baile agus sonraí teangmhála den leathanach gréasáin scoile.
- Beidh úinéireacht ag daltaí fós ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.
- Níl cead ag leanbh físeáin a thairfead nó a roinnt/íoslódáil gan cead ó bhaill na scoile.

## ***Reachtaíocht.***

Soláthróidh an scoil eolas ar an reachtaíocht seo a leanas le husáid ar an Idirlíon agus bheifí ag súil go mbeadh eolas ag múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí ar an reachtaíocht seo.

- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- An tAcht Cosanta Eolais (leasaithe) 2003.
- An tAcht um Ghainneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.
- An tAcht Tascartha, 1993.
- An tAcht um Fhístairfeadtaí, 1989.
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988.

## ***Struchtúir Thacaíochta***

Cuirfeá daltaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi phríomhstructúr agus eagraíochtaí tacaíochta a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhleathach agus úsáid dhíobhálach an Idirlín. Tá cúnaimh sábháilteachta idirlíne ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ag [www.ncte.ie](http://www.ncte.ie) / [www.webwise.ie](http://www.webwise.ie) / [www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)

Tá nasc láidir idir an polasaí seo agus polasaithe eile na scoile - An Cód Iompair, An Polasaí Frithbhulaíochta, Polasaí Cosaint Sonraí agus Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta, go háirithe i gcomhthéacs cibear bulaíocht.

### ***Smachtbhannaí***

Gearrfar piónós as mí-úsáid a bhaint as an Idirlíon mar shampla, rabhadh i scríbhinn, ní cheadófar do dhalta úsáid a bhaint as an Idirlíon ar feadh tréimhse áirithe ag braith ar an mí-úsáid, agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon gníomhaíochtaí mí-dhleathacha a thuairisciú chuig na hudaíis chuí/Tusla/Na Gardaí.

### **Athbhreithniú (*Review*)**

Dhein an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo 14ú Bealtaine 2020.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go leanúnach.

### **Daingniú agus Cumarsáid (*Ratification and Communication*)**

Dhaingnigh an Fhoireann Teagaisc an polasaí ag Cruinniú Foirne ar an 12ú Bealtaine, 2020.

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí ar an 14ú Bealtaine, 2020

Sínithe ag \_\_\_\_\_ |Dáta: \_\_\_\_\_

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta